2026/327

12.2.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/327 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina measfar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/817, in éineacht le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir na córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.

(2) Tá roinnt comhchodanna sa chreat sin lena n-áirítear brathadóir ilchéannachtaí. Is rud é an brathadóir ilchéannachtaí a chruthaíonn agus a stórálann naisc idir na sonraí atá i gcórais faisnéise AE éagsúla chun ilchéannachtaí a bhrath, agus an dá chuspóir aige seiceálacha céannachta a éascú le haghaidh taistealaithe *bona fide*, agus calaois chéannachta a chomhrac. Tá cruthú agus stóráil nasc den sórt sin ríthábhachtach chun a áirithiú go sainaithneofar daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí stóráilte i gcórais faisnéise éagsúla an Aontais i gceart.

(3) Cruthaítear naisc uathoibrithe bhána agus bhuí mar thoradh ar an bpróiseas braite ilchéannachtaí. Léiríonn nasc bán gur comhionann nó gur cosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha, agus léiríonn nasc buí nach féidir a mheas gur cosúil iad na sonraí céannachta sna comhaid nasctha agus gur cheart fíorú de láimh a dhéanamh ar na céannachtaí éagsúla.

(4) Chun go mbeidh an brathadóir ilchéannachtaí in ann naisc a chruthú, leagtar síos nósanna imeachta le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 ([3]) ón gCoimisiún chun na cásanna a chinneadh ina meastar gur comhionann nó gur cosúil iad na sonraí céannachta a bhaineann le duine áirithe ar sonraí iad a stóráiltear ar fud roinnt córais éagsúla.

([1]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh na gcásanna ina meastar go bhfuil sonraí céannachta comhionann nó cosúil le chéile ar mhaithe le hilchéannachtaí a bhrath (IO L 47, 15.2.2023, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/333/oj).

(5) Ní bheidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/817 i dtaca le Eurodac ach ón dáta a thiocfaidh athmhúnlú Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) chun bheith infheidhme. Dá bhrí sin, tar éis Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) lena mbunaítear 'Eurodac' a ghlacadh, is gá Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 a oiriúnú chun sonraí céannachta 'Eurodac' a liostú, sonraí a chuirfear i gcomparáid sa phróiseas braite ilchéannachtaí chun a chinneadh an meastar gur comhionann nó cosúil iad na sonraí céannachta.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 a leasú dá réir sin.

(7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/817 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/817 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo ina cheangal air.

(8) Níl an Rialachán seo ina fhorbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([6]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([8]).

(10) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([9]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([10]).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/603/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj).

([6]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

([7]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

([8]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).

([9]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(1)/oj.

([10]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

(11) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([11]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([12]).

(12) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, is é atá sa Rialachán seo gníomh a chuireann le *acquis* Schengen nó a bhaineann leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) agus thug sé tuairim uaidh an 27 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1, pointe (1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 cuirtear an pointe (i) seo a leanas:

'(i) sloinne/sloinnte agus céadainm/céadainmneacha, ainm/ainmneacha breithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe sin agus aon ailiasanna; náisiúntacht/náisiúntachtaí; dáta breithe; áit bhreithe agus gnéas; dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (c) go (f) agus (h), Airteagal 19(1) pointí (c) go (f) agus (h), 21(1), pointí (c) go (f) agus (h), Airteagal 22(2), pointí (c) go (f) agus (h), Airteagal 23(2), pointí (c) go (f) agus (h), Airteagal 26(2), pointí (c) go (f) agus (h) de Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)'

(*) Rialachán (AE) 2024/1358 an 14 Bealtaine 2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj).'.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([11]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2011/350/oj.

([12]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen, a bhaineann le díothú na seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).

([13]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 mar a leanas:

(1) I roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

	'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
1	Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Túsainmneacha na n-ailiasanna Ainmneacha tráth breithe	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)	Sloinn(t)e Céadainm(neacha) Ainm(neacha) breithe Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ailiasanna
2	Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe
3	Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas	Gnéas
4	Náisiúntacht agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe'

(2) I roinn 3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

‘Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainm-neacha Túsainm-neacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha tráth breithe Túsainm-neacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céad-ainm(neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainm-neacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainm-neacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainm-neacha (ainm baiste nó ainm-neacha baiste)	Sloinn(t)e Céad-ainm(neacha) Ainm(neacha) breithe Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ailiasanna’

(3) I roinn 3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

‘Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe’

(4) I roinn 3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

‘Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas	Gnéas’

(5) I roinn 3.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Náisiúntachtaí agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe'

2. Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/333 mar a leanas:

(1) I roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

	'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
1	Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Túsainmneacha na n-ailiasanna Ainmneacha tráth breithe	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céadainm (neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)	Sloinn(t)e Céadainm(neacha) Ainm(neacha) breithe Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ailiasanna
2	Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe

	'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
3	Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas	Gnéas
4	Náisiúntacht agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe'

(2) I roinn 3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Ainmneacha (lena n-áirítear sloinne agus céadainm)	Sloinnte Sloinnte a úsáideadh roimhe seo Sloinnte na n-ailiasanna Túsainmneacha Túsainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ainmneacha tráth breithe Túsainmneacha na n-ailiasanna	Sloinne (ainm teaghlaigh) Céadainm Ainmneacha Ainmneacha baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe Ainmneacha eile (ailiasanna, ainmneacha ealaíontóra, ainmneacha eile a bhíonn in úsáid) Céad-ainm(neacha) Ainm(neacha) baiste	Sloinne (ainm teaghlaigh) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Céadainmneacha (Ainmneacha baiste) Ainmneacha bréige Ailiasanna Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo	Sloinne (ainm teaghlaigh) Sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo) Céadainm nó céadainmneacha (ainm baiste nó ainmneacha baiste)	Sloinn(t)e Céad-ainm(neacha) Ainm(neacha) breithe Ainmneacha a úsáideadh roimhe seo Ailiasanna'

(3) I roinn 3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Dáta breithe	Dáta breithe Dáta breithe na n-ailiasanna	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe	Dáta breithe'

(4) I roinn 3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Inscne	Inscne Inscne na n-ailiasanna	Gnéas	Gnéas	Inscne	Gnéas	Gnéas'

(5) I roinn 3.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Catagóir sonraí	SIS	EES	ETIAS	ECRIS-TCN	VIS	Eurodac
Náisiúntachtaí agus áit bhreithe	Náisiúntacht, agus más ann dóibh, aon náisiúntachtaí eile Náisiúntachtaí na n-ailiasanna Áit bhreithe (tír bhreithe) Áit bhreithe na n-ailiasanna (tír bhreithe)	Náisiúntacht Náisiúntachtaí	Náisiúntacht i láthair na huaire Áit bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe (baile agus tír)	Náisiúntacht i láthair na huaire Náisiúntachtaí Náisiúntacht bhreithe Áit bhreithe agus tír bhreithe	Náisiúntacht Náisiúntachtaí Áit bhreithe'